Antoine Ó Finneadha

# Teicneolaíocht Adhmaid

Is caibidil í seo sa leabhar ***Teicneolaíocht Adhmaid*** a fhoilseofar go luath.

© Foras na Gaeilge, 2026

Téacs © Antoine Ó Finneadha
Léaráidí © Antoine Ó Finneadha

Teimpléad deartha: Susan Meaney
Íomhánna eile: Shutterstock, Maxwell Photography

Gabhaimid buíochas leis an gCoiste Téarmaíochta as leaganacha údarásacha a sholáthar dúinn de roinnt téarmaí teicniúla.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

An Gúm, Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

An Gúm

Caibidil 19

# Bailchríocha

## Torthaí Foghlama

- **1.1, 1.2, 1.3, 1.4, 1.8, 1.10**

### Téamaí na caibidle seo:

- Bailchríoch dhromchla ar ard-chaighdeán a chur ar dhéantán
- Oiriúnacht na mbailchríoch forchurtha a mheas agus an bhailchríoch chuí a roghnú le haghaidh déantáin
- Bailchríocha forchurtha a chur i gcomparáid lena chéile, e.g. an bhfuil caitheamh maith iontu? An mairfidh siad ar feadh i bhfad?

Tá sé tábhachtach bailchríoch a chur ar adhmad. Déantar é sin chun an t-adhmad a chosaint ar thaise, ar theas, ar scríobadh, agus ar ionsaithe ó fheithidí agus fungais. Cuirtear bailchríoch ar adhmad chomh maith chun é a mhaisiú nó chun dath an adhmaid a athrú. Ní mór cuimhneamh ar an úsáid a bhainfear as an adhmad sula roghnaítear an bhailchríoch a chuirfear air. Ní mór na ceisteanna seo a leanas a chur agus bailchríoch á roghnú do dhéantán adhmaid.



**19.1 Bord ar cuireadh bailchríoch air**

### Bailchríoch Fheiliúnach a Roghnú

- Cén fheidhm a bheidh ag an déantán?
- An laistigh nó lasmuigh a bheidh sé?
- Más laistigh a bheidh sé, an mbeidh sé gar d'fhoinse teasa nó an mbeidh sé in áit a bhíonn tais, e.g. seomra folctha?
- Má tá an bhailchríoch á cur ar ghréithe cócaireachta nó ar bhréagáin do leanaí, an bhfuil sí tocsaineach?


**bailchríoch dhromchla** surface finish · **bailchríoch fhorchurtha** applied finish

# An Dromchla a Ullmhú (Bailchríoch Dhromchla)

Caithfear dromchla an adhmaid a ullmhú i gceart sula gcuirtear bailchríoch air. Is í aidhm an phróisis seo a chinntiú go mbeidh an dromchla mín agus glan. I measc an treallaimh a úsáidtear chun dromchla an adhmaid a ullmhú tá líonach, iarann te, scríobairí caibinéid, plánaí agus páipéar gainimh.

## Marcanna Pinn Luaidhe a Bhaint

Is é an chéad rud nach mór a dhéanamh agus dromchla an adhmaid á ullmhú ná na marcanna pinn luaidhe a bhaint. Is é an bealach is éasca leis seo a dhéanamh ná rubar a úsáid. Is fearr rubar a úsáid chuige seo seachas páipéar gainimh chun a chinntiú go gcoinnítear dromchla an adhmaid cothrom.





**19.2 Marcanna pinn luaidhe á mbaint**

## Poill agus Fabhtanna san Adhmad

Cruthaítear poill agus fabhtanna san adhmad uaireanta nuair a bhíonn déantán á dhéanamh. Is gá a bheith cúramach leis an déantán ionas nach dtarlóidh sé sin. Ní mór a chinntiú, mar shampla, go leagtar an déantán síos go cúramach san áit ina bhfuil sé á stóráil. Ní mór a chinntiú freisin nach leagtar rudaí géara anuas air.

### Log a bhaint as adhmad

Is féidir iarann te agus éadach tais a úsáid chun log a bhaint as píosa adhmaid. Leagtar an t-éadach tais anuas ar an log agus cuirtear an t-iarann ar an éadach ar feadh cúpla soicind.





**19.3 Log a bhaint as adhmad**

Ardaíonn sé sin an log san adhmad. Braitheann líon na soicindí ar an gcineál adhmaid atá i gceist agus ar cé chomh domhain is atá an log.

### Líonach a Úsáid


Baintear úsáid as líonach adhmaid chun scoilteanna agus poill in adhmad a líonadh. Tá sé ar fáil i réimse dathanna difriúla. De ghnáth, bíonn dath an líonaigh le feiceáil ar an gcanna nó ar an tiúb. Tá sé tábhachtach dath a úsáid a mheaitseálann dath an adhmaid. Ní mór a chinntiú gur istigh sa pholl nó sa scoilt a théann an líonach, seachas timpeall orthu. Má thriomaíonn cuid den líonach ar dhromchla an adhmaid, d'fhéadfadh sé sin smál a fhágáil ar an adhmad a bheadh le feiceáil tríd an mbailchríoch.




**19.4 Líonach a úsáid**

### Poill Tairne a Líonadh

Chun poll tairne a líonadh, tiomáintear tairne isteach ann go dtí go bhfuil sé beagáinín faoi dhromchla an adhmaid. Ansin líontar an spás os cionn an tairne le gliú APV. Nuair atá an poll líonta, déantar an gliú a ghreanáil, go dtí go bhfuil sé cothrom le dromchla an adhmaid.





a

**19.5 Poill tairne a líonadh**

## Scríobaire

Is féidir scríobaire, e.g. scríobaire caibinéid, a úsáid nuair is gá gliú triomaithe a bhaint de phíosa adhmaid. Is féidir an scríobaire a tharraingt chugat féin nó é a bhrú uait agus tú á úsáid. Féach Fíor 19.6. Tá scríobairí an-úsáideach agus gliú á ghlanadh de lannáin. Úsáidtear an scrábphlána freisin nuair atá gliú le baint de phíosaí leathana adhmaid.



19.6 **Scríobaire á úsáid**

## Olann Chruach

Is féidir olann chruach a úsáid uaireanta chun adhmad a ghreanáil. Don ghreanáil a dhéantar idir cótaí bailchríche a úsáidtear í den chuid is mó. Fearacht an pháipéir ghainimh bíonn gráid dhifriúla den olann chruach ar fáil. Is féidir críoch níos míne a chur ar an adhmad i gcásanna áirithe leis an olann chruach ná mar a bhainfí amach leis an bpáipéar gainimh.



19.7 **Olann chruach**

## Páipéar Gainimh / Greanpháipéar

Is é is páipéar gainimh ann ná páipéar nó ábhar eile (an taca) a bhfuil gráinní beaga (an scríobach) greamaithe de. Cuimlítear an páipéar gainimh ar dhromchla an adhmaid chun go mbeidh sé mín.


Bíonn tacaí difriúla i gceist ag brath ar an úsáid a bhainfear as an bpáipéar gainimh. Is taca láidir a bhíonn ag teastáil ar an bpáipéar gainimh a úsáidtear le greanóir leictreach, mar shampla, de bhrí go mbíonn obair throm á déanamh leis agus go mbíonn sé ag rothlú. Mar an gcéanna, bíonn scríobaigh dhifriúla i gceist ag brath ar an úsáid a bhainfear as an bpáipéar gainimh. Féach an tábla ar an chéad leathanach eile.




19.8 **Páipéar gainimh**








19.9 **Codanna an pháipéir ghainimh**




19.10 **An chaoi a n-oibríonn páipéar gainimh**

**Páipéar Gainimh – Gráid Éagsúla**

| An Grád | An Grean | An Scríobach | An Úsáid | Dath an Taca |
|---|---|---|---|---|
| Rígharbh | 30<br>36 | Gloine | Meirg a bhaint de mhiotal | Buí/Donn |
| An-gharbh | 40<br>50<br>60 | Gloine | Greanáil throm ar adhmad; Péint a bhaint | Buí/Donn |
| Meánach | 80<br>100<br>120 | Gairnéad | Gnáthghreanáil ar adhmad | Flannbhuí/ Dearg |
| Mín | 150<br>180 | Ocsaíd Alúmanaim | An ghreanáil dheiridh ar an dromchla sula gcuirtear bailchríoch air | Dathanna difriúla |
| An-mhín | 220<br>240<br>280 | Cairbíd Sileacain | Greanáil idir cótaí bailchríche | Dúliath/Dubh |
| Rímhín | 320<br>360<br>600 | Cairbíd Sileacain | Ard-bhailchríoch a chur ar laicear, vearnais nó ar sheileaic | Bánliath |

**scríobaire** scraper · **scrábphlána** scraper plane
**olann chruach** steel wool · **greanpháipéar / pápéar gainimh** sandpaper
**taca** backing · **gráinne** grain · **scríobach** abrasive

**cóta biáin** size coat · **grád** grade · **grean** grit · **gairnéad** garnet
**ocsaíd alúmanaim** aluminium oxide · **cairbíd sileacain** silicon carbide

## Páipéar Gainimh a Úsáid

Nuair a thosaítear ag greanáil, ní mór tosú le grád páipéir gainimh garbh nó meánach agus oibriú de réir a chéile go dtí go bhfuil dromchla an adhmaid mín. Más crua-adhmad atá á ghreanáil, ba chóir tosú le grád meánach (80) de pháipéar gainimh agus críochnú le grád an-mhín (240). Más bogadhmad atá á ghreanáil, ba chóir tosú le grád meánach (120) agus críochnú le grád an-mhín (280).


**Greanáil de Láimh**

Nuair atá dromchla an adhmaid á ghreanáil de láimh, úsáidtear bloc atá déanta as corc, rubar nó adhmad. Filltear an páipéar gainimh go daingean timpeall ar an mbloc chun an ghreanáil a dhéanamh. Úsáidtear bloic ar leith a bhfuil cruthanna éagsúla orthu más obair dheilbhithe nó obair mhúnlaithe atá i gceist.



19.11 Bloc greanála

Ní mór greanáil feadh shnáithe an adhmaid i gcónaí. D'fhágfaí marcanna agus scríoba ar dhromchla an adhmaid dá ndéanfaí greanáil trasna an tsnáithe. Go minic bíonn cúinne géar fágtha ar an bpíosa adhmaid nuair atá an ghreanáil déanta. Tugtar faobhar airise air seo. Ba chóir an páipéar gainimh a chuimilt den chúinne cúpla uair chun an faobhar airise a bhaint.



19.12 Treo na greanála

Tá sé tábhachtach aon dusta a scuabadh den adhmad agus an ghreanáil á déanamh. Mura ndéanfaí é sin, ghreamódh an dusta den pháipéar gainimh. Maireann an páipéar gainimh níos faide nuair a bhaintear an dusta den adhmad go rialta. Is fiú masc dusta a chaitheamh mar chosaint ón dusta agus an ghreanáil á déanamh.

**Greanáil le Greanóir Leictreach**

Is tapúla go mór é an ghreanáil a dhéanamh le greanóir leictreach ná an ghreanáil a dhéanamh de láimh. Ar dhromchlaí móra is mó a úsáidtear na greanóirí leictreacha. Is deacair píosaí beaga adhmaid a ghreanáil leis an ngreanóir leictreach.


19.13 Greanóir leictreach

Cruthaítear go leor dusta nuair a úsáidtear an greanóir leictreach. Is féidir eastarraingteoir a cheangal den ghreanóir leictreach chun an méid dusta a ghreamaíonn den pháipéar gainimh a laghdú. Bíonn mála eastarraingthe deannaigh ar chuid de na greanóirí leictreacha chomh maith chun an dusta a bhailiú.

De ghnáth, is leor meáchan an ghreanóra chun dóthain brú a chur ar dhromchla an adhmaid leis an bpáipéar gainimh. Ní gá brú síos ar an ngreanóir. Uirlis an-úsáideach is ea an greanóir ach caithfear a bheith cúramach i gcónaí nach ndéantar greanáil rófhada isteach i ndromchla an phíosa adhmaid.

# Bailchríocha (Bailchríoch Fhorchurtha)


Cuirtear bailchríoch ar dhromchla an adhmaid chun é a chosaint agus chun cuma tharraingteach a chur air. Tá go leor cineálacha éagsúla bailchríche ann. Meascán a bhíonn iontu, den chuid is mó, d'olaí, tuaslagóirí agus ceimiceáin éagsúla.

Triomaíonn na bailchríocha ar bhealaí éagsúla. Nuair a chuirtear péint nó vearnais ar an adhmad, mar shampla, galaíonn an tuaslagóir atá sa phéint nó sa vearnais agus fágtar sraith chosanta ar an adhmad. Ach nuair a chuirtear ola ar an adhmad is é go súitear an ola isteach i snáithe an adhmaid agus go dtriomaíonn sí de réir a chéile.

**faobhar airise** arris edge

**greanóir leictreach** electric sander · **tuaslagóir** solvent


## Scuab a Roghnú



19.14 Barr na scuaibe

Is fiú scuab mhaith a roghnú nuair atá bailchríoch le cur agat ar adhmad. Agus scuab nua á roghnú agat, cinntigh, mar shampla, go bhfuil cruth siséil ar bharr na scuaibe. Beidh sé níos éasca smacht a choinneáil ar an mbailchríoch agus cóta cothrom bailchríche a chur ar dhromchla an adhmaid más mar sin atá. Cinntigh freisin go bhfuil barr na nguairí níos tanaí ná mar atá an bun. Greamóidh an bhailchríoch i gceart leis an adhmad ansin. Is féidir scuaba a cheannach a bhfuil guairí nádúrtha orthu agus scuaba a bhfuil guairí sintéiseacha orthu. Is fearr, go ginearálta, na scuaba a bhfuil guairí nádúrtha orthu. Más bailchríoch uiscebhunach atá á cur ar an adhmad agat, áfach, is fearr scuab a bhfuil guairí sintéiseacha uirthi a úsáid. Éiríonn na guairí nádúrtha róbhog má úsáidtear le bailchríoch uiscebhunach iad.

## Scuab a Luchtú



19.15 Scuab a luchtú

Go minic nuair a bhíonn daoine ag péinteáil nó ag cur vearnaise ar adhmad, brúnn siad guairí na scuaibe péinte i gcoinne imeall an channa chun an farasbarr a bhaint den scuab. Uaireanta, áfach, triomaíonn cuid den phéint nó den vearnais ar imeall an channa sa chaoi is nach féidir an claibín a dhúnadh. Chun é sin a sheachaint, is féidir banda leaisteach a chur trasna bharr an channa agus é sin a úsáid chun an farasbarr péinte nó vearnaise a bhaint den scuab.

## Scuab a Ghlanadh

Léigh na treoracha ar an gcanna sula nglanann tú péint nó vearnais de scuab phéinteála. Glan an scuab ar dtús le páipéar. Ansin, más péint nó vearnais uiscebhunach atá ar an scuab, glan le huisce gallúnaí í. Agus más péint nó vearnais olabhunach atá ar an scuab, glan le biotáille bhán í.

**guaire** bristle · **uiscebhunach** water-based · **farasbarr** surplus · **claibín** lid
**leaisteach** elastic · **olabhunach** oil-based · **biotáille bhán** white spirits






## Péint

Buntáiste a bhaineann leis an bpéint go bhfuil raon mór dathanna péinte ar fáil. Is féidir péint a chur ar phlaisteach, ar mhiotal agus ar adhmad. Tá cineálacha péinte ann atá oiriúnach do dhéantáin a bheidh taobh istigh agus cineálacha eile atá oiriúnach do dhéantáin a bheidh taobh amuigh. Tá cineálacha péinte ann freisin nach gcuireann taise nó teas isteach orthu.

Clúdaíonn an phéint dromchla an adhmaid agus ní bhíonn snáithe an adhmaid le feiceáil. Ach bíonn go leor cótaí péinte de dhíth chun bailchríoch ar ard-chaighdeán a bhaint amach. Is gá taithí a fháil ar an bpéinteáil freisin chun í a dhéanamh i gceart. Féach na treoracha ar an gcanna péinte i gcónaí sula dtosaíonn tú ag péinteáil.



19.16 Cótaí péinte

### Péint a Chur ar Adhmad

1. Ullmhaigh dromchla an adhmaid.
2. Cuir séalán cranra ar aon chranra nó ar aon fhabht.
3. Cuir cóta séalaithe ar an adhmad.
4. Líon aon pholl le líonach adhmaid. Greanáil an líonach le páipéar gainimh an-mhín. Glan an dusta de dhromchla an adhmaid.
5. Cuir fochóta nó dhó ar an adhmad. (Ní mór an fochóta a bheith tirim sula gcuirtear an dara cóta ar an adhmad.) Déan greanáil éadrom ar dhromchla an adhmaid idir na fochótaí.
6. Cuir an cóta deiridh péinte (an cóta bailchríche) ar an adhmad.

### Cóta Séalaithe

Péint éadrom is ea an cóta séalaithe. Cabhraíonn sé leis an bhfochóta greamú i gceart leis an adhmad. Is féidir scoilteanna nó poill bheaga a shéalú leis an gcóta séalaithe freisin.

### Fochóta

Cuirtear an fochóta ar an adhmad tar éis an chóta shéalaithe. Fágann sé sin dromchla garbh ar an adhmad. Bíonn an cóta bailchríche in ann greamú go maith den adhmad ansin de bhrí go bhfuil an dromchla garbh. Ní mór do dhath an fhochóta a bheith mar an gcéanna leis an gcóta bailchríche nó níos éadroime ná é.

**séalán cranra** knotting · **cóta séalaithe** primer · **fochóta** undercoat

**Cóta Bailchríche**

Seo é an cóta deireanach péinte a chuirtear ar an adhmad agus an ceann is tábhachtaí. Má cuireadh an cóta séalaithe agus an fochóta ar an adhmad i gceart, beidh cuma mhaith ar an gcóta bailchríche. Péint lonrach a úsáidtear de ghnáth mar chóta bailchríche. Úsáidtear péinteanna sróil agus péinteanna neamhlonracha uaireanta chomh maith.


## Vearnais

Bailchríoch thrédhearcach í an vearnais. Baintear úsáid aisti go minic ar throscán. Tá vearnais uiscebhunach agus vearnais tuaslagóra ar fáil. Tá an vearnais uiscebhunach níos éasca le láimhseáil ná an vearnais tuaslagóra toisc nach gá ach uisce sobalach a úsáid chun vearnais uiscebhunach a ghlanadh den scuab. Tá vearnais ar fáil i ndathanna difriúla agus bíonn sí ar fáil i gcannaí stáin agus i sprae-channaí. Ar nós na péinte, tá vearnaisí lonracha, vearnaisí sróil agus vearnaisí neamhlonracha ar fáil.



19.17 **Vearnais**

Bailchríoch uiscefhriotaíoch, scríobdhíonach agus teasdíonach is ea an vearnais. Bíonn sé éasca dromchla a bhfuil vearnais air a ghlanadh freisin. Sin ceann de na cúiseanna a n-úsáidtear ar throscán í.




19.18 **An chaoi le vearnais a chur ar adhmad**

**cóta bailchríche** finishing coat · **lonrach** gloss · **sról** satin · **neamhlonrach** matte
**vearnais** varnish · **vearnais tuaslagóra** solvent-based varnish · **uiscefhriotaíoch** water-resistant
**scríobdhíonach** abrasion resistant · **teasdíonach** heat-resistant





Go hiondúil is le scuab a chuirtear vearnais ar adhmad. Anois is arís úsáidtear éadach cadáis, go háirithe más ar chruthanna neamhrialta nó ar phíosaí beaga adhmaid atá an vearnais á cur. Ní mór lámhainní agus masc dusta a chaitheamh i gcónaí agus vearnais á húsáid, mar bíonn boladh láidir uaithi.

**Vearnais a Chur ar Adhmad**

1. Tum tuairim is 10 mm den scuab sa vearnais.
2. Scuab an vearnais feadh shnáithe an adhmaid sa chaoi is nach bhfágfar rian na scuaibe ar an adhmad. Scuab an vearnais isteach san adhmad agus cinntigh nach bhfuil aon sileadh vearnaise ar imeall an phíosa adhmaid ná ag na cúinní.
3. Nuair atá dromchla an adhmaid clúdaithe, fág thar oíche é go dtriomóidh sé.
4. Nuair atá an vearnais triomaithe, déan greanáil éadrom ar an gcéad chóta chun an dromchla a dhéanamh mín.
5. Glan aon dusta de dhromchla an adhmaid agus cuir an dara cóta vearnaise air.
6. Cuir an tríú cóta vearnaise ar an adhmad más gá.

## Ola

Bailchríoch mhicreapóiriúil is ea an ola. Ligeann bailchríocha micreapóiriúla don adhmad análú. Déanann siad an t-adhmad a chosaint ar thaise a dhul isteach ann ach ligeann siad d'aon uisce atá istigh san adhmad galú. Is féidir ola a úsáid mar bhailchríoch ar dhéantáin adhmaid a bheidh taobh istigh agus ar dhéantáin a bheidh taobh amuigh.



19.19 **Ola Dhanmhargach**

Is le héadach cadáis a chuirtear ola ar an adhmad de ghnáth. Is ar an éadach a chuirtear an ola seachas ar an adhmad féin. Dá gcuirfí an ola ar an adhmad, d'fhágfadh an ola smál ar an adhmad. Cuimlítear an ola isteach san adhmad i gciorcail.

**micreapóiriúil** microporous · **galú** vaporising · **cadás** cotton

Braitheann an tréimhse thriomaithe ar bhranda na hola; tógann sé idir 6-10 n-uaire an chloig ar chuid mhaith olaí triomú. Bíonn dhá nó trí chóta den ola de dhíth chun bailchríoch mhaith a chur ar an adhmad.

Is bailchríoch an-áisiúil í an ola mar gur féidir adhmad a athnuachan le hola ag am ar bith. Is féidir ola bhreise a chur ar an adhmad fiú nuair atá sé roinnt mhaith blianta ón uair dheireanach ar cuireadh ola air.

**Ola Dhanmhargach**

Is í an tungola an príomhchomhábhar san ola Dhanmhargach de ghnáth. As síolta an chrainn tung a thagann an tungola.

Triomaíonn an ola Dhanmhargach níos tapúla ná na cineálacha eile ola. Tá sí trédhearcach agus tugann sí bailchríoch dheas shróil don adhmad. Is féidir ola Dhanmhargach a úsáid ar throscán a bheidh taobh istigh nó taobh amuigh. Déantar í a chuimilt isteach i snáithe an adhmaid le héadach cadáis.

**Ola Rois Séidte**

Tá ola rois séidte an-chosúil le hola Dhanmhargach ach amháin go bhfágann ola rois séidte dath níos dorcha ar an adhmad. Cuirtear an ola seo ar an adhmad ar an gcaoi chéanna leis an ola Dhanmhargach ach tógann sé níos faide ar ola rois séidte triomú. Tá olaí eile atá an-chosúil leis an ola rois séidte ar fáil chomh maith.

Úsáidtear an modh céanna chun bailchríoch ola a chur ar adhmad, is cuma cén cineál ola atá i gceist. Seo a leanas na céimeanna a bhaineann le hola a chur ar adhmad.

**Ola a Chur ar Adhmad**

1. Glan aon dusta den adhmad.
2. Fill píosa éadaigh cadáis chun cuimleoir a dhéanamh.
3. Cuir an t-éadach ar maos san ola agus cuimil an ola isteach i snáithe an adhmaid.
4. Nuair atá dromchla an adhmaid clúdaithe leis an ola úsáid píosa éadaigh glan chun an farasbarr a ghlanadh de.
5. Greanáil dromchla an adhmaid le páipéar gainimh rímhín idir gach cóta ola.
6. Cuir dhá chóta eile ola, nó trí cinn, ar an adhmad.

**ola Dhanmhargach** Danish oil · **tungola** tung oil
**ola rois séidte** blown linseed oil · **cuimleoir** rubber






## Céir


19.20 **Céir**

Tá céir ar cheann de na bailchríocha is fusa a chur ar adhmad. Cuireann sí loinnir dheas ar dhromchla an adhmaid. Is féidir céir a chur ar adhmad lom (adhmad gan bhailchríoch) nó anuas ar bhailchríocha eile. De réir mar a chuirtear cótaí céarach ar an adhmad, is ea is lonraí a éiríonn an t-adhmad. Is féidir céir sholadach nó céir leachtach a cheannach. Má úsáidtear an chéir leachtach, is mó cótaí a bhíonn ag teastáil de ghnáth ná mar a bheadh dá n-úsáidfí an chéir sholadach.

**Céir a Chur ar Adhmad**

1. Cuir an chéir ar an adhmad le píosa éadaigh cadáis nó le holann chruach. Cuimil an chéir isteach san adhmad i gciorcail bheaga nó i bhfíor a hocht.
2. Lig di triomú. Braitheann an tréimhse thriomaithe ar an gcineál céarach atá i gceist.
3. Nuair atá an chéir triomaithe, snasaigh dromchla an adhmaid le héadach glan.
4. Cuir cúpla cóta eile céarach air, de réir mar is gá.



19.21 **An chaoi le céir a chur ar adhmad**

**céir** wax

## Snasán Francach

Próiseas is ea an snasú Francach a úsáidtear go minic sa seomra teicneolaíocht adhmaid. Is é atá i gceist leis an snasú Francach ná cótaí tanaí de sheileaic atá tuaslagtha i mbiotáille a chur ar dhromchla an adhmaid.




**19.22 Snasán Francach**

Bailchríoch álainn tharraingteach é an snasán Francach. Tá sé i bhfad níos laige ná an vearnais agus an laicear, áfach. Ní thugann sé cosaint rómhaith i gcoinne leachtanna, mar shampla. Dá ndoirtfí alcól nó uisce ar dhromchla a bhfuil snasán Francach air, d'fhágfaí spotaí bána ar an adhmad. Os a choinne sin, bíonn sé níos éasca lochtanna sa snasú Francach a dheisiú ná mar a bhíonn i gcás adhmad a bhfuil vearnais nó laicear air.

### An Cuimleoir

Cuimleoir a úsáidtear de ghnáth chun an snasán a chur ar adhmad. Éadach cadáis a bhíonn ar dhromchla an chuimleora. Bíonn an cadás deas bog i gcoinne dhromchla an adhmaid.




**19.23 An chaoi le snasán Francach a chur ar adhmad**

Doirtear an snasán isteach sa chuimleoir. Cuirtear braon ola rois ar bhonn an chuimleora chun go ngluaisfidh sé go réidh trasna an adhmaid. Coinnítear an cuimleoir i bpróca nó i mbosca plaisteach a bhfuil claibín air nuair nach bhfuil sé á úsáid. Coimeádfaidh sé sin tais é don chéad uair eile a mbeidh tú á úsáid. Má éiríonn sé beagáinín tirim, is féidir roinnt biotáille bhán a chur isteach ann chun go mbeadh sé tais an chéad uair eile a d'úsáidfí é.

### Snasán Francach a Chur ar Adhmad 1: An Cuimleoir a Úsáid

1. Glan aon dusta den adhmad le ceirt a bhfuil biotáille bhán uirthi.
2. Doirt snasán caolaithe isteach sa chuimleoir. Cuir braon ola ar bhonn an chuimleora.
3. Cuimil an snasán i ndromchla an adhmaid i gciorcail bheaga. Tosaigh ag imeall an phíosa adhmaid agus oibrigh i dtreo an láir.
4. Lean ort ag cur snasán air go bhfuil an dromchla clúdaithe go maith.
5. Coinnigh an cuimleoir i mbosca plaisteach a fhad agus atá an bhailchríoch ag triomú.
6. Fág thar oíche é go dtriomóidh sé.

### Snasán Francach a Chur ar Adhmad 2: An Snasán a Laghdú

1. Déan greanáil éadrom ar dhromchla an adhmaid le holann chruach an-mhín.
2. Glan an dusta den adhmad.
3. Lean ort ag cur cótaí tanaí den snasán Francach ar an adhmad.
4. Déan é seo arís agus arís go dtí go bhfuil cuma dheas ar an mbailchríoch.

### Snasán Francach a Chur ar Adhmad 3: An Cóta Bailchríche


1. Úsáid cuimleoir glan.
2. Mura bhfuil an bhailchríoch mín réidh nó má tá rian an chuimleora uirthi, chuir biotáille bhán ar an gcuimleoir. Ná cuir aon ola ar an gcuimleoir.
3. Bog an cuimleoir feadh shnáithe an adhmaid. Leáfaidh an bhiotáille bhán an chuid uachtarach den bhailchríoch go dtí go bhfuil snas lonrach réidh ar an adhmad.

**snasán Francach** French polish • **seileaic** shellac
**tuaslagtha** dissolved • **cuimleoir** rubber

## Laicear

Bailchríoch bhuanfasach chrua é an laicear. Is minic a úsáidtear i dtionscal an troscáin é. Bíonn tuaslagóirí measctha leis an laicear a ghalaíonn go tapa nuair a chuirtear an laicear ar an adhmad. Triomaíonn agus cruann an laicear go han-tapa, mar sin. Le spraeghunna a chuirtear an laicear ar adhmad de ghnáth. Tá laicear aerasóil ar fáil freisin ach ní thriomaíonn sé chomh tapa leis an laicear a ndéantar a spraeáil leis an spraeghunna. Ar nós na péinte agus na vearnaise, tá laicear lonrach, laicear sróil agus laicear neamhlonrach ar fáil.

Sula dtosaítear ag spraeáil laicir, ní mór áit fheiliúnach a roghnú a bhfuil córas eastarraingthe ann mar go bhfuil tuaslagóirí dainséaracha sa laicear. Ba cheart análaitheoir a chaitheamh agus an t-éadach ceart a bheith ort chomh maith sula dtosaítear ar an obair. Seo a leanas na céimeanna a bhaineann le laicear a chur ar adhmad le spraeghunna.




19.24 **An spraeghunna**

### Laicear a Chur ar Adhmad

1. Cuir cóta séalaithe ar an adhmad.
2. Nuair atá an cóta séalaithe triomaithe, greanáil le páipéar gainimh rímhín é. Ag brath ar an mbranda, tógfaidh sé idir 30-45 nóiméad air triomú.
3. Glan aon dusta den adhmad agus cuir cóta laicir air leis an spraeghunna.
4. Nuair atá sé triomaithe, cuir cóta eile laicir ar an adhmad, e.g. an cóta bailchríche.

**laicear** lacquer · **aerasól** aerosol · **scriú aershreafa** air flow screw
**scriú aschurtha sreabháin** fluid output screw · **greamán** grip · **comhla ceartaithe aeir** air adjustment valve
**caidhp aeir** air cap · **buinne** nozzle · **truicear** trigger · **coimeádán** container



Bailchríocha

## Dramhaíl agus Truailliú Timpeallachta

Bíonn ábhair thocsaineacha sna bailchríocha agus ní mór caitheamh go cúramach leo. Ní mór na héadaí cearta cosanta a chaitheamh agus an bhailchríoch á láimhseáil agat. Féach na treoracha úsáide agus stórála ar an gcoimeádán bailchríche. Féach chomh maith na treoracha maidir leis an mbealach cuí chun fáil réidh leis an bhfuílleach.

Dramhaíl ghuaiseach is ea cuid de na bailchríocha. Beidh lógó nó comhartha ar an gcoimeádán a thugann le fios nach féidir an bhailchríoch a chur sa ghnáthbhruscar. Ba chóir a fhiosrú an bhfuil aon ionad athchúrsala i do cheantar féin a ghlacann le bailchríocha nó le dramhaíl ghuaiseach. Níor ceart choíche na bailchríocha a chaitheamh isteach i ndraenacha, i srutháin ná in aibhneacha.